Docusign Envelope ID: DA31E1A0-6060-4DA0-8982-2CC722BE73D5

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 28 Aibreán 2025

TG4 Baile na hAbhann.

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**

Bhí leithscéal ó Dharach Ó Tuairisg.
Bhí Róisín Ní Raighne ar Zoom agus na comhaltaí eile i mBaile na hAbhann.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí agus fáilte ar leith roimh an Ard-Stiúrthóir ag a céad cruinniú boird ina ról nua.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Glacadh le miontuairiscí Mhí Feabhra, le trí mhionleasú ann.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Déanadh tagairt don mholadh a bhí déanta maidir le plé tráthrialta a dhéanamh ar chláracha agus sceideal TG4 mar chuid d'obair an Boird. Aontaíodh gur leis an Ard-Stiúrthóir a bhain Stiúir Eagarthóireachta an stáisiúin, seachas leis an bhord. Dúradh áfach, go bhféadfadh an Bord aiseolas a thabhairt ar bhealach a bheadh mar thaca don Ard-Stiúrthóir agus don bhainistíocht, agus a bheadh ag sníomh isteach le obair na Comhairle Lucht Féachana. Iarradh go gcuirfeadh na comhaltaí moladh le chéile le plé ag an chéad chruinniú eile.

Docusign Envelope ID: DA31E1A0-6060-4DA0-8982-2CC722BE73D5

## 5. Tuairisc an Ard-Stiúrthóra

5.1 **Ard-Stiúrthóir tosaithe**

Thug an tArd-Stiúrthóir léargas ar a céad choicís sa ról nua agus cuntas ar chruinnithe fóirne, leis an earnáil agus le páirtithe leasmhara eile.

**5.2 Molscéal**

Mhínigh an tArd-Stiúrthóir gur foilsíodh mír cartlainne ó Nuacht TG4 faoin scannán *Fairytale of Kathmandu* ar Mholscéal ar an 30ú Márta. Fuair TG4 gearán ó léiritheoirí an scannáin agus baineadh an físeán ó ardáin Mholscéal láithreach. Foilsíodh leithscéal ar ardáin Mholscéal agus TG4 ar an 16 & 17 Aibreán.

Ag eirí as an eachtra seo, dúradh go raibh plé á dhéanamh ar an bpróiseas eagarthóireachta agus comhlíontachta agus go raibh ceardlanna á n-eagrú leis an fhoireann.

**5.3 Rialtas, Roinn & Coimisiún na Meán.**

5.3.1 *Rialtas:* Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh leasuithe ar an Scéim Ghinearálta don Bhille Craolacháin curtha os comhair an rialtais ar an 10ú Aibreán. Dúradh go mbeadh tionchar ag na moltaí seo ar TG4 agus deiseanna ann dá mbarr freisin.

5.3.2 *Athbhreithniú 5 Bliana CnaM*: Mheabhraigh an tArd-Stiúrthóir go raibh Comhairleoirí CnaM i mbun Athbhreithniú 5 bliana ar Straitéis TG4 2018 – 2022, agus de bharr moill leis, go mbeadh 2023 agus 2024 á gcur san áireamh freisin. Mar chuid den phróiseas, dúradh go raibh plean maoinithe 'Preferred Funding Strategy' agus 'Flat Funding Strategy' iarrtha ag CnaM do na 3 bliana amach romhainn, tréimhse na straitéise reatha.

5.3.3 *Moladh 7.1*: Meabhraíodh go raibh cruinniú ag Ard-Stiúrthóir TG4 i Mí na Nollag le Coimisinéir na Meán, agus gur iarradh plean céimnithe chun neamhspleáchas eagarthóireachta a bhaint amach. Ó Mhí Feabhra ar aghaidh, tá trí chruinniú théis a bheith idir TG4 agus RTE agus dul chun cinn á dhéanamh de réir a chéile.

**5.4 Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht.**

5.4.1 *Babhta Coimisiúnaithe Oscailte 2025:* Thagair an tArd-Stiúrthóir don bhabhta coimisiúnaithe a fógraíodh i Mí na Nollag. Dúradh go raibh

Docusign Envelope ID: DA31E1A0-6060-4DA0-8982-2CC722BE73D5

gearrliosta d'iarratais déanta agus ábhar roghnaithe le dul go conradh agus breis sonraí iarrtha do thograí eile. Dúradh go raibh gearrliosta roghnaithe freisin do Bhabhta 56 de Scéim Fís & Fuaim ag díriú ar spriocanna straitéise TG4 agus CnaM. Deimhníodh gur éirigh le TG4 €1.74m de mhaoiniú a fháil I mbabhta 55 de Scéim Fís & Fuaim.

5.4.2 *Gradam Ceoil TG4*: Mheabhraigh an tArd-Stiúrthóir go mbeadh Gradam Ceoil 2025 á chraoladh beo as Ceoláras Ollscoile Luimní ar an Domhnach, 4 Bealtaine. Fógraíodh Gradamóirí na bliana seo ag ócáid i dTeach Uíbh Eachach ar an 26ú Márta.

**5.5 Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne.**

*5.5.1 Folúntais*: Rinne an tArd-Stiúrthóir tagairt do dhá fholúntas a bhí fógartha faoi láthair do chonarthaí buana mar Láithreoir Cúla4 agus mar Eagarthóir / Léiritheoir Oideachais. Dúradh go mbeadh post an Cheannasaí Nuachta & Cúrsaí Reatha le fógairt go luath freisin.

**5.6 Miontuairiscí**

Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ard-Bhainistíochta leis an mBord.

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 *Gradam Ceoil TG4 i dTeach Uíbh Eachach:* Thug an Cathaoirleach le fios go raibh sí i láthair ag ócáid seolta an Ghradam Ceoil ar an 26 Márta, ag a raibh Ambasadóir na Seapáine agus Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha. Dúirt sí gur dheis mhaith a bheadh ann Gradam Ceoil a bheith páirteach in Expo 2025, le lucht féachana nua a mhealladh agus cultúr ceoil na hÉireann a chur os comhair lucht féachana idirnáisiúnta.

6.2 *Gradaim RTS:* Thréaslaigh an Cathaoirleach le na léirithe ar fad a bhí ainmnithe do Ghradaim RTS 2025. Rinne sí comhghairdeas le Darach Ó Tuairisg agus foireann Fíbín as gradam sraith scripte do **Crá**; le foireann Iris Productions as gradam Spórt Beo do **Rugbaí Beo** agus le Alan Esslemont ar bronnadh Gradam Comaoine air.

6.3 *SPI:* Luaigh an Cathaoirleach go raibh cruinniú aici le Cathaoirleach SPI ar an 22 Aibreán. Cruinniú oscailte a bhí ann agus pléadh an caidreamh oibre idir TG4 agus léiritheoirí agus moladh cuid de na bealaí a bhféadfaí próiséis oibre a fheabhsú. Aontaíodh go mbeadh cruinniú eile go luath leis an Ard Stiúrthóir agus Príomhfheidhmeannach SPI.

Docusign Envelope ID: DA31E1A0-6060-4DA0-8982-2CC722BE73D5

6.4 *Comhaltaí Boird:* Rinne an Cathaoirleach comhghairdeas le Bernadette Breathnach atá tofa mar ionadaí foirne ar an Bhord le teacht i gcomharbacht ar Sheán Ó Domhnaill. D'iarr an Cathaoirleach go leanfadh Seán Ó Domhnaill ina bhall den Choiste Nuachta, ag feidhmiú mar bhall comhairleach. Dúirt sí go gcuideodh sé leis an choiste ó thaobh leanúnachais agus taithí agus i bhfianaise na hoibre a bhí déanta aige leis an choiste go dtí seo.

6.5 Ard-Bhainistíocht: D'iarr an Cathaoirleach go mbeadh baill eile Ard-Bhainistíochta TG4 ag freastal ar na cruinnithe boird agus go mbeadh sealaíocht ag Ard-Bhainisteoirí ag na cruinnithe le linn na bliana.

**7. Cuntais Mhí Márta 2025**

Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 do Mhí an Mhárta. Cuireadh dréacht-ráiteas Ioncaim & Caiteachais agus dréacht-ráiteas Staid Airgeadais faoi bhráid an Bhoird le ceadú.

Glacadh leis na cuntais.

**8. Athbhreithniú Feidhmíochta 2024**

Rinne an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar an Athbhreithniú Feidhmíochta do 2024 a bhí curtha ar fáil don Bhord. Dúradh go mbeadh an tAthbhreithniú Feidhmíochta críochnúil le seoladh chuig CnaM nuair a bheadh sé ceadaithe ag an Bhord. Rinne comhaltaí roinnt moltaí leasaithe.

Cheadaigh an Bord an tAthbhreithniú Feidhmíochta.

**9. Athbhreithniú 5 Bliana Choimisiún na Meán**

Roinn an Stiúrthóir Airgeadais na dréachtdoiciméidí a bhí roinnte le CnaM go dtí seo maidir leis an athbhreithniú 5 bliana. Mhínigh sí gur bhain an obair seo le treimhse 2018 – 2022, ach de bharr moill leis an amlíne toisc BAI ag athrú go CnaM, go raibh na blianta 2023 & 2024 le cur san áireamh freisin. Dúradh mar chuid den phróiseas, gur iarr CnaM plean maoinithe don 'Preferred Funding Strategy' agus 'Flat Funding Strategy' do na 3 bliana amach romhainn ar TG4. Dúradh go raibh siad sin curtha le chéile bunaithe ar thosaíochtaí Straitéis TG4 2023 – 2027 a bhí ceadaithe ag an Bhord i Mí Meithimh 2023.

Docusign Envelope ID: DA31E1A0-6060-4DA0-8982-2CC722BE73D5

Chuir na Comhaltaí Boird in iúl go raibh sé rí-thábhachtach ionchur lárnach a bheith ag an Bhord in ullmhú na Straitéise agus moladh lá Straitéise a bheith ag an Bhord.

Mhínigh an tArd-Stiúrthóir gur plean maoinithe a bhí anseo do straitéis a bhí aontaithe cheana, agus go mbreathnófaí ar Straitéis nua i gcomhthéacs na n-athruithe atá le teacht ar fheidhmíocht Choimisiún na Meán do mheasanú ar na meáin faoin Bhille Craolacháin in 2027. 8 gcinn de thosaíochtaí atá leagtha amach i Straitéis 2023 - 2027.

Chuir Comhalta amháin in aghaidh an phlean maoinithe ar an mbonn nach raibh arduithe páighe ná méadú foirne san áireamh ann; agus ar an mbonn nach raibh daingniú na seirbhíse nuachta ann go dtí 2027.

Mhínigh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna gur déanadh athbhreithniú ar Scálaí Páighe TG4 roinnt blianta ó shoin. Luaigh sé go mbeadh reachtaíocht nua maidir le soiléire scálaí páighe ag teacht i bhfeidhm go luath, agus go mbeadh próiséas athbhreithnithe eile le déanamh mar chuid de sin. Dúirt sé go raibh cruinniú dearfach le oifigí nua thofa ceardchumann TG4 le déanaí.

D'iarr an Cathaoirleach go ndéanfaí cáipéis a réiteach le comhthéacs ar na scálaí páighe in TG4 agus comparáid i gcomhthéacs na h-earnála níos leithne.

**10 Tuairisc Lucht Féachana**

Thug an Stiúrthóir Margaíochta achoimre ar Lucht Féachana Mhí Feabhra & Márta. Dúradh gur baineadh amach an lucht féachana do bheochraoladh spóirt ab airde fós ar an Seinnteoir i Mí Feabhra (Corcaigh V Luimneach). Bhí TG4 ar an 5ú cainéal ba mhó féachana sa tír i Mí Márta, le sciar de 3.5%, ardú suntasach ar an am céanna anuraidh. Míníodh gurb iad na cluichí Sraithe Peile agus Iomána ba mhó a mheall an lucht féáchana, agus go raibh trácht maith freisin chuig sraitheanna mar *Laochra Gael*, *Na Builders* agus *Oíche i gCorcaigh*. Dúradh go raibh aird ag painéal Fios Físe ar shraith *Pobal Rath Cairn*.

Léiríodh gur éirigh go maith ar na meáin shóisialta le míreanna ón gcairpéad dearg ag na IFTAs agus BAFTAS i Mhí Feabhra; agus i Mí an Mhárta go raibh trácht maith ar an mhír '*Is Linne Í*' ag Foghlaim TG4.

Docusign Envelope ID: DA31E1A0-6060-4DA0-8982-2CC722BE73D5

Mhol an Bord an tsraith nua *Builders*. Tugadh moladh do léiritheoirí na sraithe as an tslí a léiríodh an Ghaeilge go nádúrtha fite fuaite sa ghnáth lá oibre agus réimse aíonna ó cheantracha éagsúla.

**11 Tuairisc ó Fhochoistí Boird**

11.1 **Coiste Branda**

Roinneadh tuairisc ón chruinniú a bhí ag an Choiste Branda ar an 14 Aibreán, inar pléadh na tosaíochtaí Branda agus Margaíochta don bhliain romhainn, na feachtais a bhí beartaithe do TG4 agus Cúla4 agus na mórócáidí go deireadh na bliana.

11.2 **Coiste Nuachta**

Tugadh tuairisc maidir leis na 4 chruinniú a bhí ag an Choiste Nuachta ó Mhí na Feabhra.

Dúradh go raibh imní ar an Choiste nach raibh raibh sé réalaíoch moladh a bheith aontaithe roimh dheireadh Mhí na Bealtaine mar a bhí iarrtha ag CnaM. Meabhraíodh an mhoilleadóireacht agus easpa dul chun cinn roimh Mhí na Feabhra, agus cé go raibh rudaí ag bogadh go dearfach anois, go raibh an amlíne seo mí-réalaíoch.

Tugadh le fios go gcaithfí aon chaiteachas a bheith aontaithe sa bhuiséad dá mbeadh sé le cur i bhfeidhm in 2026.

Mhol an tArd-Stiúrthóir go leanfaí leis na cainteanna agus dúirt go raibh dul chun cinn dearfach á dhéanamh le roinnt seachtainí agus toil ann ón dá thaobh le neamhspleáchas eagarthóireachta a bhaint amach. Dúradh nach mbeadh tada aontaithe go dtí go mbeadh na spriocanna ar fad aontaithe agus go gcaithfeadh aon chinneadh a bheith faomhaithe ag an Bhord sula mbeadh glactha leis.

Moladh gur post ag leibhéal sinsearach a bheadh i ról an Cheannasaí Nuachta agus Cúrsaí Reatha a bheadh le fógairt, i bhfianaise na freagrachta a bheadh leis an bpost sin.

11.3 **Comhairle Lucht Féachana**

Tugadh tuairisc maidir leis an phainéal nua Comhairle Lucht Féachana a bhí á roghnú faoi láthair. Dúradh go raibh daoine maithe aimsithe ach go

Docusign Envelope ID: DA31E1A0-6060-4DA0-8982-2CC722BE73D5

raibh roinnt bearnaí ó thaobh ionadaíochta agus go mbreathnófaí ar dhaoine breise a aimsiú ó aoisghrúpaí, ceantracha agus cúlraí eile.

**12 Tuairisc- Suirbhé Sástachta Foirne**

12.1 Rinne an Stiúrthóir Oibríochtaí & Acmhainní Daonna cur i láthair ar thorthaí an tSuirbhé Sástachta Foirne a déanadh i 2024. Léiríodh torthaí réasúnta dearfach agus rátáil ard sástachta do TG4 mar fhostóir. D'iarr an Bord eolas breise maidir leis an cheistneoir fhéin agus dúirt gur slat tomhais garbh a bhí ann agus pointe treorach. Moladh scagadh de réir oibrí a bhí ag obair san oifig, hibrid nó ón mbaile.

**13. Tuairisc- GESG**

13.1 Rinne an Stiúrthóir Oibríochtaí & Acmhainní Daonna uasdátú maidir leis an obair Inbhuanaitheachta agus ar na coistí gnímh atá ag treorú na h-oibre sin. Dúradh go raibh lá eolais ag Coimisiún na Meán le déanaí maidir le Straitéis Inbhuanaitheachta s'acu agus gur déanadh tagairt do thograí TG4 mar chuid de sin: an Neurodiversity Toolkit a raibh TG4 lárnach á fhorbairt, an Scéim Intéirneachta atá ag TG4 agus an tsraith Mo Shaol do Shaol, a bheidh ag díriú ar malartú cultúir sa gcéad sraith eile.

**14. Folúntais Bhoird**

14.1 Rinneadh plé ar na folúntais bhoird a bheidh le líonadh ag deireadh Mhí na Samhna (29/11) nuair a chríochnaíonn tréimhse boird triúr de na comhaltaí reatha. Dúradh go mbeadh na réimsí Airgeadas & Cúntasaíocht; Forbairt Earnála Cruthaithí agus taithí Nuachta & Cúrsaí Reatha mar thosaíochtaí scile do chomhaltaí nua ar an Bhord.
Aontaíodh go scríobhfadh an Cathaoirleach litir chuig an Roinn á chur seo in iúl.

**15 Gnó Chomhaltaí Boird**

15.1 Aontaíodh go seolfadh an Cathaoirleach litir chuig an tSagart Paróiste i nGaoth Dóbhair ag déanamh comhbhróin leis an phobal ansin ar an dóiteán a scrios an teach phobail.

15.2 D'iarr na comhaltaí soiléiriú maidir le teacht ar Sheinnteoir TG4 thar lear. Míníodh go bhféadfaí féachaint ar Sheinnteoir TG4 áit ar bith ar domhan, ach go bhféadfadh srianta a bheith ar chláracha áirithe de bharr cearta.

Docusign Envelope ID: DA31E1A0-6060-4DA0-8982-2CC722BE73D5

**16. Riarachán Boird**

16.1 Polasaí Cárta Creidmheasa: Ceadaíodh polasaí cárta creidmheasa.

16.2 Meabhraíodh dáta na nGradam Ceoil ar an 4 Bealtaine i Luimneach agus Féile na Meán Ceilteach ón 3ú – 5ú Meitheamh in Newquay.

**17. Buíochas le Seán Ó Domhnaill**

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Seán Ó Domhnaill, ionadaí foirne TG4 ar an Bhord le 5 bliana anuas. Thréaslaigh sí leis as an obair den scoth a bhí déanta aige; an cur chuige cuiditheach, eolach, stuama bhí aige, agus an ionadaíocht fónta a bhí déanta aige ar son na foirne.

Ghabh Seán buíochas leis an Bhord agus ghuigh sé gach rath ar Bhernadette Bhreathnach a bheadh ag teacht ina áit mar ionadaí foirne ón 07/05/25.

**18. Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.

**19. Ceadú Conartha**

D'fhág Sonia Nic Giolla Easbuig, Mairéad Ní Nuadháin agus Siobhán Ní Ghadhra an cruinniú don mhír iomlán seo.

19.1 *Cine4*: Tháinig Deirbhile Ní Churraighín, Eagarthóir Coimisiúnaithe i láthair don mhír seo. Tugadh sonraí breise maidir le Cine4 a bhí ceadaithe i bprionsabal ag cruinniú Mhí na Feabhra 2024. Tugadh cur síos breise maidir le cur chuige an scannáin agus na forbairtí scripte a bhí déanta. Ceadaíodh an togra.

Deimhníodh go roghnaítear dáta craolta do Scannáin Cine4 ag brath ar an fhuinneog dáileacháin atá ag an scannán. Dá mhéid ráchairte a bheadh ar scannán, is ea is sia a bheadh an fhuinneog dáileacháin.

19.2 *Fleadh Ceoil*: D'fhág Éamonn Ó hArgáin (Ard-Chisteoir Chomhaltas Ceoltóirí Éireann) an cruinniú don mhír seo.

Docusign Envelope ID: DA31E1A0-6060-4DA0-8982-2CC722BE73D5

Pléadh iarratas ar oíche bhreise beochraolta ó Fhleadh Cheoil Loch Garman agus costas breise a bhain le CBL. Ceadaíodh an costas breise CBL. Maidir leis an iarratas ar oíche bhreise dúradh go nglacfaí leis an iarratas ar an chraoladh breise fad is go raibh an costas in aghaidh na huaire mar an gcéanna leis na hoícheanta eile a bhí ceadaithe roimhe sin agus go gcuirfí eolas ar fáil faoi na ceoltóirí a bheadh páirteach san oíche bhreise.

19.3 Roinneadh liosta conarthaí ceadaithe idir 200k – 500k mar eolas don choiste.

**Críoch**

***Síniú*** DocuSigned by: Anna Ní Ghallachair 1913C3940044407... ______________________________

***Dáta*** 16 Meitheamh 2025